

BRIOSBRÚN (NÓ AN CROPÁN)

Bíonn briosbrún ins na beithidhigh a tógtar ar dhroch-thalamh lom. Is galar é cosmhail le sgoilteacha i nduine. Tagann sé in uisge ins na glúine agus chloisfeá na cnámha ag gíosgán nuair a bhíonn na beithidhigh a' siubhal. Leigheasann an giolánach an briosbrún agus talamh bán cineálta. Tá na dumhacha fairrge i ndon iad a shlánú agus Árainn.